# Páirc Imeartha i mBaol

Eochairfhocail: clós súgartha, baol, easpa, Comhairle Chathrach, tithíocht, aonad lóistín, achomharc, an Coimisiún Pleanála

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1.Cá bhfuil an clós imeartha atá faoi chaibidil sa tuairisc seo lonnaithe?
2.An bhfuil mórán áiteanna súgartha ag páistí an cheantair sin, dar le Caoimhe Sheehan?
3.Cén cur síos a dhéanann Caoimhe ar an gclós súgartha sin?
4.Cad iad na príomhbhagairtí, agus a luaitear sa tuairisc, atá sa cheantar seo do dhaoine óga?
5.Cén tascfhórsa a raibh Mel Mac Giobúin mar bhall de?
6.Cad atá ag teastáil go géar sa cheantar, dar le Comhairle Chathrach Bhaile Átha Cliath?
7.An bhfuil Aodhán Ó Rinn i bhfábhar phleananna Chomhairle Chathrach Bhaile Átha Cliath fáil réidh leis an gclós imeartha?
8.Cé mhéad aonad lóistín atá san iarrtas pleanála atá curtha faoi bhráid an Choimisiúin Pleanála?
9.An bhfuil formhór den phobal áitiúil ag iarraidh fáil réidh leis an gclós imeartha seo, dar leis an gComhairleoir Neil Ring?
10. Cad a bheidh á phlé ag an gcruinniú a bheidh ar siúl sa cheantar Dé Luain?

## Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Fíor nó Bréagach

**Ag obair le do pháirtí ranga, féachaigí ar an bhfíseán arís agus déanaigí plé ar na habairtí seo a leanas agus fiosraigh an bhfuil siad fíor nó bréagach.**

| | |
|---|---|
| Tá Rae Portland suite i ndeisceart Chathair Bhaile Átha Cliath | B |
| Is breá leis na páistí áitiúla an clós súgartha atá faoi chaibidil sa mhír nuachta | |
| Tá an-chuid áiseanna súgartha sa cheantar sin do pháistí óga | |
| Taitníonn an clós súgartha seo leis na tuismitheoirí toisc gur spás dúnta é | |
| Is ceantar é seo i mBaile Átha Cliath a raibh baint ag dronga drugaí leis thar na blianta | |
| Creideann a lán gníomhaithe áitiúla go bhfuil sé fíor-thábhachtach spásanna imeartha a chur ar fáil do pháistí an cheantair | |
| Tá Comhairle Chathrach Bhaile Átha Cliath ag iarraidh ionad siopadóireachta a thógáil ar an suíomh sin | |
| Déanfar cinneadh faoina bhfuil i ndán don suíomh go luath | |
| Tá an Comhairleoir Neil Ring ina bhall de Fhianna Fáil | |
| Níl aon rud ar siúl ag an bpobal áitiúil chun an clós súgartha a chosaint | |
| Tá an lucht agóide chun achomharc a chur faoi bhráid an Choimisiúin Pleanála maidir leis an bhforbairt atá beartaithe | |

## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta: Litir Achomhairc

**Is polaiteoir áitiúil tú agus iarrann an lucht agóide ort litir a scríobh chuig an gComhairle Chathrach. Scríobh an litir a chuirfeá chuig an gComhairle ag impí orthu an clós súgartha seo a choinneáil. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.**

- A dhuine uasail,
- tá an-imní orainn
- Iarraimid ort
- spás poiblí fíor-thábhachtach
- ganntanas páirceanna spraoi
- ceantar faoi mhíbhuntáiste
- easpa deiseanna
- suíomh eile
- cur leis na spásanna imeartha atá sa cheantar
- caighdeán maireachtála na bpáistí
- teastaíonn tithíocht bhreise sa cheantar ach...
- Tá súil againn go dtabharfaidh sibh cluas éisteachta dúinn
- le gach dea-ghuí,
- le meas,

## Freagraí

1. Rae Portland i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath
2. Níl
3. Beag, dúnta isteach, ní páirc astro atá inti, braitheann na páistí uirthi
4. Baol na ndronga drugaí agus andúil na ndrugaí
5. Tascfhórsa Drugaí Thuaisceart Bhaile Átha Cliath
6. Tithíocht bhreise
7. Níl, níl sé féaráilte
8. 49
9. Níl
10. Na chéad chéimeanna eile sa bhfeachtas leis an gclós imeartha seo a chosaint

1. B
2. F
3. B
4. F
5. F
6. F
7. B
8. F
9. B
10. B
11. F

